An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn
Ireland Strategic Investment Fund

# Straitéis Infheistíochta CISÉ



# Clár Ábhar

**1. Cúlra agus Comhthéacs ........ 2**
Réamhrá ........ 2
Sainordú CISÉ ........ 2
Tionchar Eacnamaíoch ........ 2
Feidhmíocht Airgeadais ........ 3
Cúrsaí ESG ........ 3
**2. Straitéis Infheistíochta um Phunann na hÉireann ........ 4**
Aistriú Aeráide agus Fuinnimh ........ 4
Gnólachtaí a Uas-scálú ........ 5
Bia, Talmhaíocht agus Mara ........ 6
Tithíocht, Bonneagar agus Forbairt Inbhuanaithe ........ 6
Náisiúnta agus Láidir ........ 7
**3. CISÉ Straitéis Infheistíochta um Punann Maoinithe ........ 9**
**4. Cur Chuige ESG ........ 10**
**5. Aguisín A: Creat Cinnteoireachta um Riosca ESG ........ 13**
**6. Aguisín B: Creat Eisiaimh ........ 14**

# 1. Cúlra agus Comhthéacs

## Réamhrá

Bunaíodh An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ nó an Ciste) i mí na Nollag, 2014, faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014 (arna leasú) (Acht 2014). Rialaíonn agus bainistíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) CISÉ, atá comhdhéanta den Phunann Punann Lánroghnach agus den Phunann Faoi Threoir.

Áirítear leis an bPunann Lánroghnach, atá mar ábhar den straitéis infheistíochta seo, Punann na hÉireann agus Punann Maoinithe CISÉ. Tá sainchúram "bunlíne dhúbailte" ag Punann na hÉireann - infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar bhealach atá deartha chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus fostaíocht sa Stát, agus díríonn sí ar infheistíochtaí atá deartha chun tairbhí eacnamaíocha díreacha a bhaint amach in Éirinn. Cuireann Punann Maoinithe CISÉ, atá comhdhéanta d'infheistíochtaí an-leachtacha go príomha, leachtacht ar fáil chun infheistíochtaí, gealltanais, infheistíochtaí ceadaithe agus píblíne Phunann na hÉireann a mhaoiniú.

Tá an Phunann Faoi Threoir, atá comhdhéanta go stairiúil d'infheistíochtaí beartais phoiblí in AIB agus Banc na hÉireann agus ina bhfuil airgead, coibhéisí airgid agus infheistíochtaí beartais phoiblí i Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) agus Maoiniú Teaghais-Tógála na hÉireann (HBFI) go príomha faoi láthair, tá sí faoi stiúir an Aire Airgeadais agus taobh amuigh de raon feidhme na straitéise seo.

## Sainordú CISÉ

Ceanglaíonn sainordú bunlíne dhúbailte CISÉ air infheistiú i ndeiseanna a mbíonn torthaí tráchtála acu agus a fhéachann le tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch na hÉireann agus le fostaíocht laistigh den Stát. Dá réir sin, déantar gach cinneadh infheistíochta ag díriú ar thorthaí airgeadais a bhaint amach agus cur le sláinte eacnamaíochta ghinearálta na hÉireann ag an am céanna.

D'fhonn a spriocanna a bhaint amach, féachann CISÉ le hoibriú mar infheisteoir iontaofa, solúbtha agus foighneach. Trí chloí le croíluachanna GBCN, chomh maith le prionsabail na hinfheistíochta freagraí, tá sé mar aidhm ag CISÉ a shainordú a chur i gcrích go héifeachtach agus a chinntiú go gcuireann a ghníomhaíochtaí go dearfach le timpeallacht eacnamaíoch na hÉireann.

## Tionchar Eacnamaíoch

Déanann CISÉ meastóireacht ar thionchar eacnamaíoch a chuid infheistíochtaí agus féachann sé leis an tionchar sin a uasmhéadú. Cuireann sé é sin san áireamh le toradh tráchtála féideartha na hinfheistíochta atá i gceist.

Díríonn an anailís ar na gnéithe breisíocht, díláithriú agus marbhualach.

1. **Breisíocht;** déanann breisíocht tagairt do na tairbhí eacnamaíocha breise in Éirinn nach dtarlódh in éagmais na hinfheistíochta. Díríonn sé sin ar dhá thomhas breisíochta: Oll-bhreisluach (GVA) agus fostaíocht is dócha a eascróidh as an infheistíocht atá á breithniú, sa bhreis ar an méid a tharlódh dá huireasa. Déanann CISÉ breithniú ar mhéadracht shonrach breisíochta freisin, mar

shampla an líon aonad tithíochta arna sholáthar, agus meigeavatanna (MW) in-athnuaite a chuirtear leis an eangach.

2. **Díláithriú:** déanann díláithriú tagairt do chásanna ina ndéantar an bhreisíocht a chruthaítear le hinfheistíocht a laghdú ar leibhéal an gheilleagair iomláin de bharr laghdú ar thairbhí den sórt sin áit éigin eile sa gheilleagar.
3. **Marbhualach:** déanann marbhualach tagairt do chásanna ina mbainfí amach na tairbhí eacnamaíocha a cruthaíodh ó infheistíocht cibé ar bith in éagmais na hidirghabhála.

## Feidhmíocht Airgeadais

Déanann CISÉ a fheidhmíocht airgeadais a thomhas in aghaidh tagarmhairc a shainmhínítear le reachtaíocht, a leagtar amach mar mheánchostas rollach 5 bliana - fhiachas Rialtas na hÉireann. [1]

## Cúrsaí ESG

Le cur chuige CISÉ ar ESG mar a leagtar amach i gcuid 4 den straitéis infheistíochta seo, treoraítear an chaoi a gcomhlíonfaidh sé ceanglais dhlíthiúla agus ionchais páirtithe leasmhara agus an chaoi a dtiocfaidh sé le dea-chleachtas domhanda sa réimse seo, mar shampla Prionsabail na Náisiún Aontaithe um Infheistíocht Fhreagrach (PRI), a bhfuil GBCN ina sínitheoir bunaidh leo.

Sa straitéis infheistíochta seo, leagtar amach cur chuige GBCN ar bhainistiú éifeachtach na rioscaí a bhaineann le cúrsaí ábhartha ESG. Tugtar mionsonraí faoi na huirlisí a úsáideann GBCN chun rioscaí den sórt sin a bhaineann le ESG a bhainistiú, lena n-áirítear leithdháileadh caipitil, comhtháthú, maoirseacht agus, mar rogha dheiridh, eisiamh. Leagtar amach inti an bunús faoina sainaithníonn an Ghníomhaireacht catagóirí infheistíochta nach ndéanfar sócmhainní an Chiste a infheistiú iontu, i bhfianaise cúrsaí ábhartha ESG, agus tugtar mionsonraí faoi na catagóirí infheistíochta eisiata a sainaithníodh.

1

Agus sainmhíniú Eurostat ar chostas fiachais a úsáid, atá bunaithe ar an gcóimheas costas iomlán an úis bhliantúil le meánmhéid fiachais cheannasaigh gan íoc.

# 2. Straitéis Infheistíochta um Phunann na hÉireann

Tá forbairt tagtha ar Straitéis Infheistíochta CISÉ le bheith i gcomhréir leis na ceithre phríomhthéama infheistíochta seo a leanas atá ag teacht le tosaíochtaí Stáit, réimsí ina bhféadfaidh infheistíocht tráchtála fhadtéarmach cabhrú leis an Stát dul i ngleic le príomh-dhúshláin.

- Aistriú Aeráide agus Fuinnimh
- Gnólachtaí a Uas-scálú
- Bia, Talmhaíocht agus Mara
- Tithíocht, Bonneagar agus Forbairt Inbhuanaithe

Cé go dtreoraíonn na tosaíochtaí sin an phríomh-ghníomhaíocht infheistíochta, déanann CISÉ deiseanna trasthéamacha a shaothrú go gníomhach freisin, atá in ann feabhas mór a chur ar a thionchar eacnamaíoch. Is féidir leis na hinfheistíochtaí seo a bheith níos mó ó thaobh scála de agus deartha chun tionchar mór a ghiniúint trí réimsí straitéiseacha éagsúla a chuimsiú. De ghnáth, tugann siad aghaidh ar cheisteanna lena mbaineann tábhacht náisiúnta, agus cuireann siad ar chumas CISÉ freagairt do dheiseanna a bhíonn ag teacht chun cinn agus atá in ann tairbhí claochlaitheacha agus fadtéarmacha a bhaint amach do gheilleagar na hÉireann.

Tá an cumas ag CISÉ freagairt go tapa agus go cinntitheach do dheiseanna gearrthéarmacha a bhíonn ag teacht chun cinn nó do dhúshláin ábhartha a d'fhéadfadh a bheith roimh an Stát trí bhíthin an cúigiú téama (nach gcuirtear i bhfeidhm ach go tréimhsiúil), Infheistíochtaí Náisiúnta agus Láidre.

## Aistriú Aeráide agus Fuinnimh

Tá cur i bhfeidhm na straitéise ag brath ar bheith ag cloí leis an sainordú um an mbunlíne dhúbailte, leas a bhaint as comhpháirtíochtaí agus caipiteal a phlódú isteach chun tacú le deiseanna infheistíochta in Éirinn.

Déantar infheistíochtaí CISÉ a mheas ar a bhfiúntas tráchtála chomh maith lena dtionchar féideartha ar gheilleagar na hÉireann.

### Ráiteas Misin

Is é misean CISÉ faoin téama Aistriú Aeráide agus Fuinnimh ná infheistíocht tráchtála a sholáthar a ullmhaíonn Éire do gheilleagar carbóin glan-nialasach agus a chuireann dlús leis an aistriú fuinnimh. Féachann CISÉ leis an misean sin a chur i gcrích trí infheistíochtaí agus comhpháirtíochtaí tráchtála a fhéadfaidh dícharbónú gheilleagar na hÉireann a thabhairt chun cinn go hábhartha sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

### Cuspóir Straitéiseach & Forléargas

Tá dhá chuid le straitéis infheistíochta CISÉ um Aistriú Aeráide & Fuinnimh:

- Ar an gcéad dul síos, tacú le ceanglais bhonneagair inbhuanaithe gheilleagar na hÉireann go dtí 2030 i bpríomhréimsí ina bhfuil astaíochtaí carbóin, mar a leagtar amach i bPlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide. Áirítear leis sin infheistíochtaí i nginiúint fuinnimh in-athnuaite agus i mbonneagar stórála a thacaíonn le tuilleadh athléimneachta agus slándála fuinnimh.

- Ar an dara dul síos, maoiniú a thabhairt d'fhorbairt teicneolaíochtaí nua agus samhlacha gnó nua a thacóidh le geilleagar na hÉireann aistriú go geilleagar glan-nialasach roimh 2050.

Tá cuspóirí CISÉ maidir le hAistriú Aeráide & Fuinnimh ag teacht leis na spriocanna seo a leanas i bPlean an Rialtais maidir le Gníomhú ar son na hAeráide: (i) laghdú 51% ar GCT i gcomparáid le leibhéil 2018 a bhaint amach faoi 2030; agus (ii) Éire a chur ar an gconair cheart chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050. Trí mhéideanna suntasacha caipitil phríobháidigh agus infheisteoirí speisialtóra a phlódú isteach chun éiceachóras infheistíochta aeráide na hÉireann a spreagadh, thug gníomhaíochtaí infheistíochta CISÉ ar raon leathan infheisteoirí a bheith gníomhach in earnáil an aistrithe fuinnimh in Éirinn. Féachann CISÉ le leas a bhaint as a stádas mar infheisteoir 'feadh an timthrialla' trí dhul i bpáirt le hinfheisteoirí, lucht corparáideach agus fiontraithe domhanda, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, a roinneann tiomantas CISÉ maidir le glan-nialas a bhaint amach, agus a bhfuil an acmhainneacht agus an uaillmhian acu an fhís seo a chur i gcrích.

## Gnólachtaí a Uas-scálú

### Ráiteas Misin

Is é misean CISÉ faoin téama Gnólachtaí a Uas-scálú ná feabhas a chur ar an timpeallacht maoinithe, rud a ligfidh do ghnólachtaí agus fiontraithe ardchaighdeáin a lánacmhainneacht domhanda a bhaint amach.

### Cuspóir Straitéiseach & Forléargas

Tríd an téama tionchair Gnólachtaí a Uas-scálú, féachann CISÉ le raon leathan, dinimiciúil agus iomaíoch deiseanna maoinithe a chruthú chun tacú le pleananna fáis ghnólachtaí dúchasacha.

Féachann CISÉ leis sin a bhaint amach ar dhá bhealach, go príomha:

- Is infheisteoir gníomhach i gcaipiteal fiontair é CISÉ, agus i gcothromas fáis, cothromas príobháideach agus cistí creidmheasa príobháideacha a infheistíonn i ngnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn ag céimeanna éagsúla dá n-aistear fáis (ó chuideachtaí nua-thionscanta luath-chéime go dtí FBManna seanbhunaithe go dtí cuideachtaí ardfháis a bhfuil an poitéinseal acu éirí ina gcuideachtaí Éireannacha ar scála mór). Cabhraíonn an ghníomhaíocht infheistíochta seo le héiceachóras maoinithe láidir a choinneáil ar bun, a sholáthraíonn réitigh chaipitil do chuideachtaí i ngach earnáil, ag gach céim den shaolré fáis agus ar feadh an struchtúir chaipitil. Agus é ag infheistiú i gcistí, féachann CISÉ le cloí le bainisteoirí cistí (in Éirinn agus thar lear) a chuireann leis an timpeallacht maoinithe in Éirinn agus a bhfuil a bhfócas infheistíochta ag teacht le cuspóir CISÉ de ghnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn a fhás.

- Comhlánaíonn CISÉ na roghanna maoinithe sa mhargadh níos leithne trí infheistiú go díreach nó comh-infheistiú i ngnólachtaí ina bhféadfaidh rannpháirtíocht CISÉ cuidiú le deiseanna fáis nó tionchair eacnamaíocha a aimsiú, nach mbeifí in ann leas a bhaint as dá uireasa, b'fhéidir. Agus infheistiú díreach á dhéanamh aige, is scairshealbhóir mionlaigh i gcónaí é CISÉ agus díríonn sé ar thacú le deiseanna fáis. Is fearr leis príomhchaipiteal. Agus é ag infheistiú go díreach i ngnólachtaí, féachann CISÉ leis sin a dhéanamh i gcomhar le hinfheisteoirí eile.

## Bia, Talmhaíocht agus Mara

### RÁITEAS MISIN

Is é CISÉ faoin téama Bia, Talmhaíocht agus Mara ná comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara sna hearnálacha sin a fhéachann le hinfheistíochtaí tráchtála claochlaitheacha a sholáthar, a thacaíonn le hÉirinn teacht le bheith ina ceannaire domhanda i dtaobh córais bhia inbhuanaithe a thacaíonn leis an Straitéis Náisiúnta Fís an Bhia 2030.

### CUSPÓIR STRAITÉISEACH & FORLÉARGAS

Féachann CISÉ le tacú le straitéis náisiúnta agraibhia na hÉireann, Fís an Bhia 2030, a bhaint amach. Is é sprioc Fhís an Bhia 2030 ná go mbeidh Éire ina ceannaire domhanda i dtaobh córais bhia inbhuanaithe trí chothromaíocht a bhaint amach idir inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil, agus sláinte agus nuálaíocht. Áirítear le cur chuige CISÉ caipiteal solúbtha agus foighneach a úsáid, leas a bhaint as saineolas domhain earnála agus airgeadais, leas a bhaint as caidrimh láidre le páirtithe leasmhara agus lucht tionscail, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa mhargadh agus chun dúshláin maidir le córais bhia inbhuanaithe a réiteach.

## Tithíocht, Bonneagar agus Forbairt Inbhuanaithe

### RÁITEAS MISIN

Is é misean CISÉ faoin téama Tithíocht, Bonneagar agus Forbairt Inbhuanaithe ná infheistíochtaí tráchtála a sholáthar ar aidhm leo tacú le tithe nua a sholáthar, an bonneagar náisiúnta agus an stoc eastát réadach a fheabhsú agus a uas-scálú agus a chur ar chumas chathracha na hÉireann feabhas a chur ar a gcumas infheistíocht a mhealladh agus deiseanna fostaíochta a chruthú.

### CUSPÓIR STRAITÉISEACH & FORLÉARGAS

Déanfar infheistíochtaí faoin téama seo sna príomhréimsí seo a leanas:

**Tithíocht:**

Díreoidh CISÉ ar fhorbairtí príobháideacha/forbairtí bunaithe ar an mórmhargaidh a sholáthar. Tá níos mó ná €2.7bn geallta ag CISÉ d'infheistíochtaí a bhaineann le tógáil tithe agus leanfaidh sé ar aghaidh ag cinntiú soláthar athléimneach agus inbhuanaithe de chaipiteal infheistíochta don earnáil. Tá infheistíochtaí CISÉ a bhaineann le tithíocht nua dírithe go sonrach ar infheistíochtaí lena mbaineann riosca cothromais atá in ann tacú le huas-scálú tógálaithe tithe trí mhaoiniú fiachais shinsearaigh a chur ar fáil.

**Forbairt Inbhuanaithe:**

- <u>**Athghiniúint Uirbeach**</u>
  Is príomhréimse fócais freisin é feabhas a chur ar inbhuanaitheacht na timpeallachta tógtha. Cuireann CISÉ caipiteal foighneach fadtéarmach ar fáil do thionscadail chlaochlaitheacha réigiúnacha agus náisiúnta ar scála mór, agus díríonn sé ar thionscadal i ngach ceann de na cúig chathair réigiúnacha: Corcaigh, Gaillimh, Luimneach, Port Láirge agus Cill Chainnigh agus

Baile Átha Cliath. Is príomhfhachtóir idirdhealaithe é cur chuige fadtéarmach CISÉ ar na tionscadail athghiniúna uirbeacha sin chun suíomhanna lena mbaineann tábhacht straitéiseach i lárionaid uirbeacha na hÉireann a dhíghlasáil. Déantar soláthar na scéimeanna sin a dhíghlasáil de ghnáth trí chomhpháirtíochtaí le contrapháirtithe sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí, mar shampla An Cheathrú Fiontraíochta & Nuálaíochta 'Glassworks' i bPort Láirge.

- **Eastát Réadach Tráchtála**
  Cuireann CISÉ caipiteal infheistíochta feadh an timthrialla ar fáil agus féachann sé le tacú le hionaid oibre ardcháilíochta a sholáthar, sna réigiúin, go príomha, nó i margaí eile tearcfhreastail nó tearc-chaiptlithe (e.g. Baile Átha Cliath ag pointí áirithe den timthriall). Éascóidh na forbairtí sin d'eastát réadach nua agus feabhsaithe fás gnólachtaí dúchasacha agus meallfaidh siad infheistíocht dhíreach choigríche ar fud na tíre.

**Bonneagar:**

Féachfaidh CISÉ le tacú le bonneagar faoi théama na nascachta a chuireann feabhas ar nascacht fhisiciúil, fhíorúil agus fuinnimh an Stáit. Féachfaidh CISÉ le hinfheistiú i gcistí agus tionscadail a chuirfidh feabhas ar an stoc bonneagair foriomlán, agus díreoidh sé ar na réimsí ina bhféadtar níos mó breisíochta a chur ar chaipiteal infheistíochta. D'fhéadfadh earnálacha bonneagair traidisiúnta a bheith i gceist leis sin chomh maith le hearnálacha atá ag teacht chun cinn, amhail bonneagar sóisialta agus ionaid sonraí.

## Náisiúnta agus Láidir

### Ráiteas Misin

Is é misean CISÉ faoin téama Náisiúnta agus Láidir ná gníomhú go tapa agus go straitéiseach mar fhreagairt ar dhúshláin agus deiseanna práinneacha a mbeadh tionchar ard acu, atá roimh Stát na hÉireann. Léiríonn sé sin gealltanas CISÉ de bheith ina infheisteoir freagrúil agus solúbtha, atá in ann infheistíocht tráchtáil a dhéanamh chun tacú leis an ngeilleagar i dtréimhsí ina bhfuil éagobhsaíocht, claochclú nó riachtanas náisiúnta as cuimse.

### Cuspóir Straitéiseach & Forléargas

Tá coinne leis go mbeidh infheistíochtaí faoin téama seo ina gcodanna solúbtha agus dhinimiciúla den straitéis infheistíochta seo, agus iad deartha chun cur leis na ceithre phríomhthéama infheistíochta. Ach an téama seo a chur san áireamh, cuirtear ar chumas CISÉ úsáid a bhaint as caipiteal i gcásanna ina dteastaíonn freagraí am-íogaire nó trasearnála—mar shampla le linn suaite maicreacnamaíoch, cur isteach ar chúrsaí geopholaitiúla, nó imeachtaí náisiúnta claochlaitheacha. An cuspóir atá ann ná a chinntiú go bhféadfaidh CISÉ ról cobhsaíochta agus catalaíoch a imirt nua a bheadh na cainéil thraidisiúnta infheistíochta neamhleor nó ró-mhall le freagra a thabhairt ar na cúinsí sin.

Is féidir an téama Náisiúnta agus Láidir a chur i ngníomh, i gcomhréir le sainordú reachtúil CISÉ:

- Chun solúbthacht a chur ar fáil chun infheistiú lasmuigh de croíthéamaí Straitéis Infheistíochta CISÉ, agus i gcás thionscnaimh trasthéamacha a éilíonn freagra infheistíochta comhordaithe agus iltéamach

- Chun feidhmiú mar chúlchiste straitéiseach caipitil atáthar in ann a úsáid má eascraíonn riachtanais náisiúnta chriticiúla gan choinne, a éilíonn infheistíocht láithreach agus leanúnach
- Chun a chinntiú go bhféadfaidh CISÉ tacú le geilleagar na hÉireann nuair a bhíonn éagobhsaíocht nó deiseanna ann.

# 3. CISÉ Straitéis Infheistíochta um Punann Maoinithe

Rinneadh CISÉ a mhaoiniú ar dtús le linn sócmhainní a bhí i seilbh an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean. Déantar an linn sócmhainní nó an phunann sin[2] a choimeád nó a infheistiú i gcomhréir le hAlt 9(3) d'Acht 2014 agus is é an príomhfhoinse maoinithe do Phunann na hÉireann.

Déantar tagairt dó mar "Phunann Maoinithe CISÉ" agus feidhmíonn sé in éineacht le Punann na hÉireann, chun maoiniú a chur ar fáil do ghealltanais reatha agus do ghealltanais atá le teacht maidir le Punann na hÉireann, agus chun a chur ar chumas CISÉ leanúint ar aghaidh ag déanamh gealltanais infheistíochta nua a thagann lena shainordú bunlíne dhúbailte.

Tugann Punann Maoinithe CISÉ solúbthacht do CISÉ i gcás ina dtiocfadh deis nó suaitheadh chun cinn in earnáil chorparáideach na hÉireann a mbeadh freagairt thapa agus éifeachtach de dhíth orthu (mar shampla Ciste Cobhsaíochta agus Téarnaimh na Paindéime - PSRF).

Is é príomhchuspóir Phunann Maoinithe CISÉ ná leachtacht a chur ar fáil. Cuspóir tánaisteach is ea díriú ar thorthaí (cuidiú le tagarmharc reachtúil CISÉ a bhaint amach). Leagtar amach thíos prionsabail infheistíochta straitéiseacha Phunann Maoinithe CISÉ:

1) Oibríonn Punann Maoinithe CISÉ in éineacht le Punann na hÉireann chun bainistiú a dhéanamh ar ghealltanais neamhghlaoite agus ar chaipiteal neamhgheallta do Phunann na hÉireann
2) Tá Punann Maoinithe CISÉ deartha a bheith thar a bheith leachtach, ionas gur féidir caipiteal a chur ar fáil d'infheistíochtaí Phunann na hÉireann agus do ghealltanais eile atá amuigh.
3) Cuireann dliteanais nó caipiteal atá geallta go dlíthiúil bunús ar fáil chun fonn riosca Phunann Maoinithe CISÉ a shocrú, rud a shloinntear le Punann Tagartha mhargadhbhunaithe[3].
4) Cruthaíonn próiseas infheistíochta Phunann Maoinithe CISÉ Leithdháileadh Straitéiseach Sócmhainní[4] a mheastar a chruthóidh toradh iomchuí riosca-choigeartaithe.
5) Bíonn tionchar ag riachtanais mhóra airgid thirim ghearrthéarmacha agus mheántéarmacha le haghaigh infheistíocht in Éirinn ar Phunann Maoinithe CISÉ, agus teastaíonn leibhéal níos airde sócmhainní cosanta agus éagsúlaithe i gcoibhneas sócmhainní riosca.
6) Téann Punann Maoinithe CISÉ i gcomhpháirtíocht le bainisteoirí ciste seachtracha chun straitéisí infheistíochta a chur i bhfeidhm i gcomhréir lena Leithdháileadh Straitéiseach Sócmhainní.
7) Tá bainistiú riosca ESG comhtháite i bPunann Maoinithe CISÉ i gcomhréir leis an gCur Chuige ESG.

Tá straitéis chur i bhfeidhm Phunann Maoinithe CISÉ (mar atá athbhreithnithe ag an gCoiste Infheistíochta agus faofa ag an nGníomhaireacht) i gcomhréir leis na prionsabail thuas. Déanann Coiste Infheistíochta CISÉ athbhreithniú ar an straitéis chur i bhfeidhm agus déanann an Ghníomhaireacht í a fhaomhadh gach trí bliana.

[2] Ar ar tugadh an 'Phunann Domhanda' roimhe seo.
[3] Is punann shimplí agus inar féidir infheistíocht a dhéanamh í an Phunann Tagartha a léiríonn fonn riosca an Chiste bunaithe ar chaipiteal geallta.
[4] Punann í seo a thugann isteach aicmí sócmhainní breise i gcoibhneas na Punainne Tagartha (bunaithe ar thoradh ionchais, comhchoibhneas agus toimhdí riosca) chun uasmhéadú don toradh ionchais i bhfianaise an fhoinn riosca a shocraigh an Ghníomhaireacht.

# 4. Cur Chuige ESG

Déantar foráil le hAlt 39 d'Acht 2014 (ar theacht i bhfeidhm dó), maidir le toradh, go ndéanfar sócmhainní CISÉ a choinnítear nó a infheistítear i gcomhréir le hAlt 39 a choinneáil nó a infheistiú ar bhonn tráchtála chun d'fhonn féachaint le cibé rátaí toraidh a fháil a mheasann an Ghníomhaireacht a bheith cuí ag féachaint do (i measc fachtóirí eile) an leibhéal riosca do na sócmhainní, lena n-áirítear aon riosca ó chúrsaí comhshaoil, sóisialta nó rialála atá ábhartha do choinneáil nó infheistiú na sócmhainní i gcomhréir le hAlt 39.

Tá na cúig phrionsabail seo a leanas mar threoir don Chur Chuige ESG atá ag GBCN i ngach ciste atá faoi rialú agus faoi bhainistiú GBCN:

1. Déanann GBCN infheistíocht go hinbhuanaithe ar bhealach a chomhlíonann riachtanais an ama i láthair gan chur isteach ar chumas na nglúnta atá le teacht an rud céanna a dhéanamh.
2. Is úinéir uilíoch é GBCN agus dá bharr sin smaoiníonn sé go fadtéarmach chun torthaí inbhuanaithe a sholáthar. Éilíonn sé sin breithniú ar rioscaí córasacha, amhail an tAthrú Aeráide.
3. Aithníonn GBCN go mbeidh éagsúlacht ann sna rioscaí a bhaineann le cúrsaí ESG in aicmí sócmhainní, earnálacha agus cuideachtaí éagsúla, agus mar sin i gcistí éagsúla.
4. Roghnóidh GBCN an uirlis is éifeachtaí chun athrú dearfach ESG a bhaint amach i dtaobh féachaint le luach a chruthú agus/nó riosca a laghdú san fhadtéarma, agus na cistí á maoirsiú aige.
5. Tá GBCN is trédhearcach agus cuntasach maidir lena chur chuige ar ESG.

Beidh na nithe a leanas san áireamh i gcur chuige GBCN ar ionchorprú na rioscaí agus na ndeiseanna a bhaineann le cúrsaí ESG:

### Creat Cinnteoireachta um Riosca:

Féachann Creat Cinnteoireachta um Riosca le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí do shócmhainní CISÉ ó chúrsaí ábhartha ESG a bhaineann le baint amach an bheartais infheistíochta. Tá ceithre chéim sa chreat – 1) sainaithint, 2) measúnú, 3) bainistiú, agus 4) monatóireacht chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus ábhair imní a bhaineann le cúrsaí ábhartha ESG, mar a dtugtar níos mó mionsonraí in Aguisín A.

### Leithdháileadh Caipitil:

Déantar caipiteal a leithdháileadh ar aicmí sócmhainní agus infheistíochtaí éagsúla chun an beartas infheistíochta a bhaint amach. Déantar caipiteal a leithdháileadh trí innéacsanna nó tagarmharcanna oiriúnacha a roghnú don infheistíocht éighníomhach agus/nó trí dhíriú ar phríomhdheiseanna infheistíochta téamacha, i margaí príobháideacha go príomha, chun teacht ar dheiseanna ESG a aimsiú. Tá rioscaí ábhartha i gceist leis an Athrú Aeráide, mar a dtagraítear dó sna prionsabail ESG thuas, ach tá deiseanna i gceist leis freisin.

## Comhtháthú:

Baineann comhtháthú le breithniú a dhéanamh ar chúrsaí ESG ag gach céim den phróiseas infheistíochta chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar rioscaí agus chun torthaí a fheabhsú. Tá cur chuige GBCN ar chomhtháthú i gcomhréir le treoir maidir le Prionsabail na Náisiún Aontaithe um Infheistíocht Fhreagrach (PRI) d'infheistíocht sna margaí poiblí agus príobháideacha. Déanann GBCN meastóireacht ar bhainisteoirí infheistíochta ar raon leathan fachtóirí. Bíonn coinne leis go léireoidh gach bainisteoir infheistíochta an chaoi a ndéanann siad cúrsaí ESG a chomhtháthú ina bpróisis infheistíochta. Ina theannta sin, déantar meastóireacht ar ghealltanais ar leibhéal na gnólachta. Déanann GBCN monatóireacht neamhspleách ar chúrsaí ábhartha ESG ar leibhéal infheistíochta punainne agus aonair agus trí rannpháirtíocht lena bainisteoirí infheistíochta.

## Maoirseacht:

Baineann maoirseacht le tionchar a úsáid chun luach fadtéarmach foriomlán a chosaint agus a fheabhsú. Is modhanna tábhachtacha iad cearta seachvótála a chleachtadh agus rannpháirtíocht le cuideachtaí infheistíochta chun riosca a laghdú agus chun luach do scairshealbhóirí a fheabhsú san fhadtéarma. Baineann GBCN leas as saineolas tríú páirtí le haghaidh vótáil agus rannpháirtíocht. Cuireann GBCN le téamaí tosaíochta do bheartais vótála agus rannpháirtíochta gach bliain. Is féidir le hinfheisteoirí a gcuid ábhar imní a chur in iúl don bhainistíocht chorparáideach ar bhealach níos éifeachtaí trí labhairt le cuideachtaí le haon ghuth aontaithe amháin. An toradh a bhíonn air sin, de ghnáth, plé níos eolasaí agus níos dearfaí nuair a chomhlíontar na coinníollacha le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach. Sa bhreis ar bhainistiú tríú páirtí, féadfaidh GBCN caidreamh a dhéanamh lena hinfheisteoirí go díreach agus/nó go hindíreach trí bhainisteoirí infheistíochta.

## Creat Eisiaimh:

Ciallaíonn eisiamh cosc a chur ar infheistíocht in urrús, eisitheoir, infheistíocht, earnáil nó uirlis airgeadais áirithe bunaithe ar mheasúnú riosca ar chritéir ESG. Baineann GBCN úsáid as ar bhonn teoranta mar gheall go gcreideann sí gurb í maoirseacht an bealach is fearr le athrú a bhaint amach. Tugann an Creat Eisiaimh an bunús le heisiaimh lánroghnacha, agus tá tuilleadh mionsonraí faoi in Aguisín B.

Déantar roinnt catagóirí infheistíochta a eisiamh go huathoibríoch ón CISÉ ag féachaint do na ceanglais reachtacha is infheidhme leis an gCiste. Tá na heisiaimh arna sainordú leis an reachtaíocht comhdhéanta faoi láthair de: (a) gnóthais bhreosla iontaise, mar a shonraítear san Acht um Dhífheistiú Breosla Iontaise, 2018 agus (b) cuideachtaí a bhfuil baint acu le cnuas-mhuinisin, buaimíní pléascacha nó mianaigh frithphearsanra (nó a gcomhpháirteanna) a dhéanamh faoi Acht um Chnuas-Mhuinisin agus Mianaigh Fhrithphearsanra, 2008. Tá liosta de na heisiaimh reatha ar shuíomh gréasáin GBCN/CISÉ.

I gcomhréir leis an gCreat Cinnteoireachta um Riosca (féach Aguisín A), déanann GBCN breithniú ar chatagóirí breise infheistíochta a eisiamh ón CISÉ má chruthaíonn siad riosca do shócmhainní CISÉ agus, go háirithe, do bhaint amach a shainordú reachtúil ag an gCiste (toradh tráchtála agus tionchar eacnamaíoch/fostaíochta). Go dtí seo, tá líon beag eisiamh lánroghnacha ainmnithe mar sin, eadhon cuideachtaí aonair a thagann faoi cheann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas:

- Cuideachtaí a bhfuil baint acu le tobac a mhonarú/a phróiseáil.
- Cuideachtaí ardcharbóin (próiseálaithe guail agus gainimh ola).
- Cuideachtaí a bhfuil baint acu le hairm núicléacha (nó a gcomhpháirteanna) a thástáil agus/nó a mhonarú.
- Cuideachtaí áirithe ar bhunachar sonraí na Náisiún Aontaithe d’fhiontair ghó a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí sonraithe sa chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil.

# 5. Aguisín A: Creat Cinnteoireachta um Riosca ESG

| Sainaithint | Measúnú | Bainistiú | Monatóireacht |
|---|---|---|---|
| **Cad é an Cheist ESG?**<br>Sainaithint trí fhaire na fáistine taighde & anailís, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, cistí piaraí agus líonraí tionscail, beartas rialtais agus/nó treoir rialála. | **Cé chomh cuí agus ábhartha atá an riosca a bhaineann leis an gceist ESG?**<br>Measúnú ar leibhéal na rioscaí díreacha nó indíreacha don sainordú infheistíochta reachtúil a bhaint amach. | Riosca Íseal → Gan ghníomh/diúltú<br><br>Meánriosca nó ardriosca → Cur sa Chlár Maoirseachta (Rannpháirtíocht & Vótáil) agus/nó Leithdháileadh Caipitil<br><br>Meánriosca nó ardriosca → Creat Cinnteoireachta Eisiaimh | **Comhtháthú & monatóireacht leanúnach ar an gCeist ESG**<br>Monatóireacht ar cheisteanna ábhartha ESG ar leibhéal na punainne agus na hinfheistíochta aonair agus trí rannpháirtíocht le bainisteoirí infheistíochta |

# 6. Aguisín B: Creat Eisiaimh

## Treoirphionsabail an Chreata:

- Geallann GBCN infheistíocht fhreagrach a dhéanamh agus bheith ina húinéir ghníomhach dá sócmhainní. Dá bhrí sin, measann GBCN gurb í rannpháirtíocht an bealach is fearr chun dul i ngleic le hiompar cuideachtaí agus athrú dearfach a bhaint amach.
- Tá sé mar aidhm ag GBCN go mbeidh líon teoranta eisiamh ann agus go deimhin is "rogha dheireanach" iad i dtaobh infheistíocht fhreagrach i gcás go meastar go bhfuil bealaí eile míchuí nó gan éifeacht, agus má tá eisiamh i gcomhréir leis an sainordú san ionstraim reachtúil do na Cistí go léir.
- Ba cheart d'eisiaimh a bheith bunaithe ar tháirgí, ag baint go sonrach le cuideachtaí, agus ba cheart go mbeadh feidhm acu maidir leis na hurrúis go léir a eisítear (faoi réir ag díolúintí sonracha).

## Creat Cinnteoireachta:

Tá an creat seo a leanas forbartha ag GBCN chun eisiaimh fhéideartha a shainaithint:

| | Prionsabal | Próiseas |
|---|---|---|
| 1) | **An fhadhb a shainaithint agus ord tosaíochta a thabhairt di** | • Úsáidfaidh GBCN seirbhísí anailísíochta punainne agus a hanailís ESG féin chun rioscaí ESG ábhartha ina punann a shainaithint agus a mheas.<br>• Beidh rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ina sásra tábhachtach chun rioscaí ESG a shainaithint. |
| 2) | **Taighde agus Anailís** | Agus fianaise ábhartha, iontaofa agus réasúnta fíriciúil á bailiú aici, breithneoidh GBCN foinsí ábhartha, ina measc:<br>• Ceanglais shainorduithe faoi seach na gCistí.<br>• Dlí na hÉireann.<br>• An dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiúin, Conarthaí agus comhaontuithe a shínigh Éire.<br>• Seasamh suntasach Rialtas na hÉireann maidir le beartais.<br>• Fasach Cistí idir Piaraí.<br>• Caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha. |
| 3) | **Achoimre ar an Léargas faoi Infheistíocht** | Déan meastóireacht ar an leibhéal riosca ó chúrsaí ESG do shócmhainní/torthaí an Chiste (nó na gCistí). Léargas GBCN faoi infheistíocht inbhuanaithe fhadtéarmach ar an gceist a fhorbairt agus a chomhaontú ag féachtaint don leibhéal sin riosca. Déan breithniú ar na nithe seo a leanas nuair is infheidhme:<br>• Páipéir thaighde ar infheistíochta théamach |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Ionchas inbhuanaitheachta fadtéarmach don tionscal nó don táirge<br><br>• Straitéis fhadtéarmach, cruthú luacha agus ionchais fáis don tionscal<br>• Anailís ar Shamhail Ghnó: straitéis ghnó don táirge, leibhéil T&F, caighdeáin inbhuanaitheachta<br>• Measúnú ar rioscaí agus deiseanna don tionscal/táirge (mar shampla riosca rialála & dlí, riosca aistrithe, riosca fisiciúil, riosca teicneolaíochta, riosca do chlú)<br>• Revenues generated by product<br>• Evaluation of Industry relative to ESG best practices<br>• External societal and/or environmental costs<br>• Stress testing<br>• Potential risk/return balance<br>• Potential impact on portfolios.<br>• Consideration of ESG specific risks and potential mitigation strategies such as active ownership |
| **4)** | **Bunús féideartha le hEisiamh agus breithnithe maidir le Sainordú GBCN** | Ní mór do gach Ciste feidhmiú laistigh dá shainordú, agus ní mór aon eisiamh a bhreithniú sa chomhthéacs seo:<br>• Cuideachtaí a d’fhéadfaí tionchar a bheith orthu a shainaithint agus a chinntiú go bhfuil eisiamh féideartha i gcomhréir le sainordú reachtúil GBCN.<br>• Cuirfear tairseacha ábharthachta ar leibhéal na cuideachta a chur i bhfeidhm i gcomhréir le dea-chleachtas idirnáisiúnta. |
| **5)** | **Breithnithe maidir le Bainistiú Punann** | Beidh gach eisiamh faoi réir bhreithnithe praiticiúla maidir le cur i bhfeidhm, oibleagáidí conarthacha agus dea-chleachtas maidir le bainistiú punann. |